

Scéim Údaráis Áitiúla na Mí 2006-2009

Arna hUllmhú faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003

Meitheamh, 2006

Caibidil 1

Réamhrá agus Cúlra

D'ullmhaigh Údarás Áitiúla na Mí an scéim seo faoi Alt 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Forálann Alt 11 den Acht sin d'ullmhú scéim reachtúil ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

Leagann an scéim seo amach na bearta a ghlacfar lena chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach bhfuiltear á soláthar trí mheán na Gaeilge ag na húdaráis áitiúla, a sholáthar laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

1.1 Ionchuir sa Scéim

Forálann Alt 12 den Acht go n-ullmhófar treoirínite chun cuidiú le comhlachtaí poiblí scéimeanna a ullmhú. D'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta na treoirínite seo i mí Mheán Fómhair 2004 agus tá an scéim seo ullmhaithe de réir na dtreoirínite sin.

Fuair Údarás Áitiúla na Mí fógra oifigiúil (dar dáta 14 Meitheamh 2005) ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta faoi Alt 11 den Acht ag cur iachail orthu dréacht-scéim a ullmhú.

Nuair a bhí an scéim seo á réiteach, thug Údarás Áitiúla na Mí faoi phróiseas comhairliúcháin i dtrí chuid, mar a leanas:

- (i) Lorgáíodh aighneachtaí ón bpobal ar réiteach na dréacht-scéime
- (ii) Suribhé Custaiméara le measúnú a dhéanamh ar na riachtanais bhunúsacha agus ar na héilimh do sheirbhísí trí mheán na Gaeilge
- (iii) Iniúchadh inmheánach ar na seirbhísí trí Ghaeilge atá curtha ar fáil/ inniúil a bheith curtha ar fáil ag gach rannóg.

Cuireadh iomlán de 11 aighneacht ón bpobal faoi bhráid Údarás Áitiúla na Mí le linn an phróisis chomhairliúcháin agus tá eolas ó na haighneachtaí sin sa scéim seo.

Léiríonn príomhthorthaí an tSuirbhé Chustaiméara maidir le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge go bhfuil leibhéal íseal suntasach de chustaiméirí ann atá ag iarraidh a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge (4%). Mar sin féin ag an am céanna léirigh 16% dóibh siúd a ghlac páirt sa suirbhé go n-úsáidfidís seirbhís trí Ghaeilge dá mbeadh sí ar fáil. Dá bhrí sin is cosúil gur toradh díreach é an leibhéal íseal éilimh ó lucht labhartha Gaeilge ar sheirbhís mar gheall ar an mbeag súil atá ann lena leithéid de sheirbhís a fháil trí Ghaeilge.

Chuidigh Coiste Stiúrtha inmheánach ar a raibh ionadaithe ón ardbhainistíocht agus ceannasaithe ar réimsí feidhmiúla/ seirbhíse i ndruchtú na scéime. Freisin bhí oifigigh rannpháirteach i gcruinnithe den Líonra Tacaíochta do Chomhlachtaí Poiblí a bhunaigh an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta.

1.2 *Dáta tosaigh na Scéime*

Tiocfaidh an scéim seo i bhfeidhm i ndiaidh deimhniú ón Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Cuirfear tús leis an scéim le héifeacht ón **1 Meán Fómhair 2006** agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana ón dáta sin nó go dtí go mbeidh scéim nua deimhnithe ag an Aire (de bhua Alt 15 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla), cibé acu is túisce.

1.3 *Léargas Ginearálta ar Údaráis Áitiúla na Mí*

Is í Comhairle Chontae na Mí, príomh-aonad an údaráis áitiúil i gContae na Mí atá freagrach as riarachán an Chontae, agus trí Chomhairle Baile – Ceannanas, an Uaimh agus Baile Átha Troim, atá in Údaráis Áitiúla na Mí. Tagann gach Comhairle Baile, taobh istigh de limistéar an chontae, faoi dhá dhá Bhainisteoir an Chontae.

Ár Ráiteas Misin ná . . . chun fás eacnamaíoch, sóisialta, cultúir agus comhshaoil ár gcontae a bhrú chun cinn ar shlí a bheidh uilechuimsitheach dár saoránaigh go léir . . . agus an fhís atá againn do Chontae na Mí ná . . . mar chontae a bheidh aitheanta go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta mar thogha na háite le hinfheistiú agus le maireachtáil ann agus mar áit bhreá cuairte a mbeidh cáil uirthi mar gheall ar ardchaighdeán a comhshaoil, a hoidhreachta, a cultúir agus mar gheall ar neart agus inmharthanacht a cuid pobal.

Tá feidhmeanna Údaráis Áitiúla na Mí rangaithe in ocht gClár Ghrúpa mar a leanas:

- *Tithíocht agus Foirgníocht*
- *Iompar agus Sábháilteacht ar Bhóithre*
- *Soláthar Uisce agus Séarachais*
- *Dreasachtaí agus Smachta Forbartha*
- *Cosaint an Chomhshaoil*
- *Caitheamh Aimsire agus Áiseanna*
- *Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte agus Leas*
- *Ginearálta agus Ilghnéitheach*

Chomh maith leis sin tá cumhachtaí inniúlachta ginearálta ag ár nÚdaráis Áitiúla le gníomhú ar leasa an phobail áitiúil.

I bPlean Corparáideach 2005-2009 Údaráis Áitiúla na Mí leagtar amach cuspóirí agus straitéisí do na húdaráis agus do gach rannóg dá gcuid. Mar atá léirithe sa phlean tá ár gcuid gníomhaíochtaí agus bearta faoi threoir na mbunluachanna seo a leanas:

- *Fócas ar Shaoránaigh*
- *Pobail a Thógáil*
- *Cur le Daonlathas Áitiúil*
- *Inrochtaineacht, Freagracht & Oscailteacht*
- *Comhionannas agus Uilechuimsitheacht Sóisialta*
- *Fáiltiú roimh Athrú*
- *Comhpháirtíocht*
- *Inbhuanaitheacht*
- *Bainistiú Acmhainní*

1.4 *Custaiméirí agus Cliaint*

Daonra Chontae na Mí atá mar bhonn custaiméirí Údaráis Áitiúla na Mí. Bhí taifead daonra de 134,000 sa chontae (de réir Daonáirimh 2002), a léirigh méadú céatadán níos mó ná mar a bhí in aon chontae eile in Éirinn don tréimhse 1996-2002. Faoi láthair tá an daonra thar 140,000, agus tá réamh-mheastacháin déimeagrafacha ann a léiríonn daonra de 151,000 faoi 2010.

Bíonn caidreamh againn go laethúil le custaiméirí agus cliaint seachtracha agus inmheánacha. Is iad na baill foirne atá mar chustaiméirí inmheánacha againn. Áirítear daonra reatha na Mí, an daonra neamhchónaitheach a thaistealaíonn tríd ár gcontae go laethúil agus custaiméirí leictreonacha a bhaineann úsáid as ár gcuid seirbhísí tríd an ríomhphost agus an idirlíon, mar chustaiméirí seachtracha agus freisin iad seo a leanas:

- An tAire agus an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
- Ranna Rialtais agus Oifigí Aireachta Eile
- Baill an Oireachtais
- Áisíneachtaí Stáit Eile
- Comhpháirtithe Sóisialta
- Údaráis Eile Áitiúla agus Réigiúnacha
- Eagraíochtaí an Aontais Eorpaigh
- Grúpaí Pobail Áitiúla
- Grúpaí LEADER
- Soláthraithe Seirbhíse san Earnáil Phríobháideach
- Gnóthaí Príobháideacha Áitiúla

1.5 Ábhar na Scéime

Mar bhunús tógann an scéim seo ar mhéid na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair. Aithnítear i gcorp na scéime na feabhsúcháin a chuirfidh Údaráis Áitiúla na Mí ar fáil sa tseirbhís sa toadhchá.

Táimid tiomanta do mheasúnú leanúnach a dhéanamh ar an leibhéal éilimh do sheirbhísí trí Ghaeilge agus a chinntiú go ndéanfaidh Údaráis Áitiúla na Mí gach iarracht soláthar a dhéanamh don riachtanas seo ar bhonn incriminteach.

1.6 Measúnú ar a mhéid is atá seirbhísí ar fáil cheana trí Ghaeilge

Is í príomhaidhm an Achta a chinntiú go mbeidh seirbhísí poiblí ar fáil níos fairsinge trí Ghaeilge agus go mbeidh caighdeán níos airde ag baint leo.

Maidir leis sin, soláthraíonn Údaráis Áitiúla na Mí faoi láthair seirbhísí an-teoranta go dátheangach nó trí Ghaeilge. Toisc go bhfuilimid ar an eolas gur gá modh aitheanta a aimsiú le feabhas chur ar chaighdeán agus leibhéal na seirbhísí atá le bheith ar fáil againn trí Ghaeilge tá ár gCairt Chustaiméirí tiomanta do ***“freastal ar ár gcustaiméirí ar mian leo a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge”***.

Caibidil 2

Soláthar Seirbhísí/Gníomhaíochtaí Ginearálta na Comhairle

2.1 *Slite Cumarsáide leis an bPobal*

Déanann Údarás Áitiúla na Mí cumarsáid leis an bpobal i gcoitinne ar bhonn an-rialta maidir leis an seirbhís a chuireann siad ar fáil. Faoi láthair is i mBéarla go príomha a dhéantar cumarsáid agus i nGaeilge agus i mBéarla nuair is féidir. Áirítear na slite cumarsáide atá againn mar seo a leanas:

- Foirmeacha Iarratais
- Bróisiúir agus Bileoga Eolais
- Foilseacháin
- Preaseisiúintí agus Ráitis Nuachta
- Láithreán Gréasáin
- Comharthaíocht

2.2 *Doiciméidí Scríofa*

Cuirfidh Údarás Áitiúla na Mí tús leis na polasaithe seo a leanas maidir lenár gcuid doiciméidí scríofa le linn saolré na scéime seo:

Bróisiúir, Bileoga Eolais & Foirmeacha Iarratais

- Beidh 10% de na bileoga eolais agus foirmeacha iarratais nua a sholáthróidh na húdaráis áitiúla ar fáil go hiomlán dátheangach
- Beidh 50% de na bileoga eolais agus foirmeacha iarratais atá le soláthar curtha ar fáil go dátheangach ag na húdaráis áitiúla faoi dheireadh na scéime seo
- Beidh eolas eile atá ar fáil faoi láthair, bróisiúir, bileoga agus cáipéisí atá ann don phobal, curtha ar fáil go dátheangach. Baineann na foilseacháin seo le foilseacháin tacaíochta “inmheánacha” m.sh. nótaí ar iarratas d’iasacht ar thithíocht, nótaí ar iarratas do dheontas daoine míchumasaithe/ deisiúchán riachtanach (DPG/ERG), nótaí ar iarratas do dheontas tobair srl.

Spriodhata: Le linn saolré na scéime

Foilseacháin Eile

- Cuirfear ar fáil i mBéarla amháin doiciméidí atá beartaithe do lucht féachana taobh amuigh den stát agus doiciméidí atá beartaithe le bheith in úsáid go himmheánach.
- Breathnófar mar chás ar leith ar aon fhoilseachán nach bhfuil ar an liosta agus nach bhfuil aon tagairt déanta dó in aon rannóg eile, ag tógáil san áireamh leas an phobail.

Preaseisiúintí agus Ráitis Nuachta

- Cuirfear preaseisiúintí a bhaineann leis an gCeantar Gaeltachta ar fáil go dátheangach agus scaipfear iad go comhuaineach ar na meáin Ghaeilge agus Bhéarla

Spriodhata: Bliain i ndiaidh an dáta tosaigh

- Cuirfear 10% de na Nuacht Ráitis a bhaineann leis an gCeantar Gaeltachta ar fáil go dátheangach agus scaipfear iad go comhuaineach ar na meáin Ghaeilge agus Bhéarla.

Spriodhata: Bliain i ndiaidh an dáta tosaigh

- Cuirfear 20% de na Preaseisiúintí ar fad ar fáil go dátheangach agus scaipfear go comhuaineach iad.

Spriodhata: Le linn saolré na scéime

Ag an bpointe seo tá sé tábhachtacht idirdhealú a dhéanamh idir Preaseisiúintí agus Ráitis Nuachta agus an bonnmhíniú a thabhairt ar a bhfuil taobh thiar de na hathraithis sna moltaí.

Go hiondúil glaonn oifigigh chaidrimh phoiblí Preaseisiúint ar theicníc “réamhghníomhach” sna meáin. Úsáidtear í mar réamhfhógra agus de ghnáth tá baint aici i dtéarmaí na n-údarás áitiúil le dea-scéalta m.sh. bóthar/ scéim/ áis nua le hoscailt (i bhfocail eile, i dtéarmaí na Scéime, bheadh dóthain ama i gceist le haistriúchán a dhéanamh).

Ar an lámh eile de aithnítear Ráitis Nuachta sna meáin mar “fritghníomhach” agus eisítear iad de ghnáth mar fhreagra ar ráiteas nó eisiúint ó dhuine eile. I dtéarmaí na n-údarás áitiúil is eisiúintí iad seo atá mar thoradh ar ghlaoch ó na meáin (chlóite agus chraolta) ag lorg freagra ar líomhain nó ar chás m.sh. leath an bhaile a bheith gan uisce mar thoradh ar phléascadh i bpríomhphíobán uisce (i bhfocail eile, i dtéarmaí na Scéime, ní bheadh an méid sin ama ann le haistriúchán a dhéanamh).

Láithreán Gréasáin

- Beidh 10% de na doiciméidí ar an láithreán gréasáin (seachas doiciméidí teicniúla) ar fáil go dátheangach taobh istigh de chéad bhliain na scéime, agus ag méadú go hincriminteach le 10% sa bhreis gach bliain sa scéim seo.
Spriodhata: 30% taobh istigh de shaolré na scéime
- Déanfaidh Údarás Áitiúla na Mí soláthar de go gcuirfear á gcuid seirbhísí reatha ríomhaireachta agus a gcuid seirbhísí idirghníomhaíochtaí nua nó reatha ar fáil trí Ghaeilge.
Spriodhata: Faoi 2010, faoi réir sholáthar na gcóras riachtanach ó Bhord Seirbhísí Ríomhaire an Rialtais Áitiúil.

2.4 Cumarsáid ó Bhéal

- Go hiondúil is iad na fáilteoirí agus na hoibritheoirí malartáin na chéad phointí teagmhála a bhíonn leis an bpobal. Beidh sé mar pholasaí ag Údarás Áitiúla na Mí a chinntiú go bhfeidhmeoidh an fhoireann Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí (QCS) mar atá a leanas:
 - Ainm an Údarás Áitiúil a thabhairt as Gaeilge agus as Béarla
 - Cleachtadh a bheith acu ar bhunbheannachtaí i nGaeilge. Déanfar na socrúithe cuí ionas gur féidir le baill an phobail teagmháil a dhéanamh, gan mhoill, le hoifig nó le hoifigeach atá freagrach as an seirbhís atá ag teastáil trí Ghaeilge a chur ar fáil, sa chás go bhfuil sé ar fáil.**Spriodhata: Bliain i ndiaidh an dáta tosaigh**
- Sna príomhionaid seo ar fad, beidh liosta ag an bhfoireann tosaigh den fhoireann sa rannóg chuí nó sa limistéar cuí a bhfuil ar fáil le seirbhís níos cuimsithí a sholáthar trí Ghaeilge
Spriodhata: Le linn saolré na scéime
- Beidh fógraí ar taispeánt ar na cuntair phoiblí ag cur fáilte roimh úsáid na Gaeilge ón bpobal.
Spriodhata: Le linn saolré na scéime
- Déanfar iarrachtaí eilimint den dátheangachas a thabhairt isteach le linn gach cruinniú den Chomhairle
Spriodhata: Dhá bhliain i ndiaidh an dáta tosaithe

- Déanfar iarrachtaí eilimint den dátheangachas a thabhairt isteach in imeachtaí cruinnithe móra poiblí.

Spriocdháta: Le linn saolré na scéime

- Tabharfar isteach eilimint den dátheangachas in imeachtaí corparáideacha atá go mór os comhair an phobail mar chuid d'iarrachtaí na Comhairle leis an nGaeilge a chur chun cinn go dearfach i measc an phobail.

Spriocdháta: Dhá bhliain i ndiaidh an dáta tosaigh

- Tá Údaráis Áitiúla na Mí tiomanta d'urlabhraí a chur ar fáil le labhairt leis na meáin Ghaeilge maidir le cúrsaí a bhaineann leis an gceantar Gaeltachta/ na ceantair Ghaeltachta, má tá gá leis, faoi réir réamhfhógra réasúnta, m.sh. 24 uair ar a laghad.

Spriocdháta: Le linn saolré na scéime

- Déanfar éascaíocht d'aon duine ón gceantar Gaeltachta/ ó na ceantair Ghaeltachta ar mian leis/léi labhairt as Gaeilge mar chuid de thoscaireacht ag cruinniú i nDáilcheantar Cheannanais, faoi réir réamhfhógra, agus tuairisceofar na sonraí sna Buan-Orduithe leasaithe. An gnáth rud ná go gcaithfidh toscaireacht iarratas a dhéanamh leis an Riarthóir Cruinnithe/ Cléireach Baile agus dhéanfaí éascaíocht ar iarratas do thoscaireacht ón nGaeltacht de réir gnáthriachtanas.

Spriocdháta: Le linn saolré na scéime

Bainfidh Údaráis Áitiúla na Mí úsáid as na Logainmneacha Oifigiúla sna Ceantair Ghaeltachta d'aidhmeanna oifigiúla.

Spriocdháta: Ón Dáta Tosaigh

- Beidh réamhshocrú ann go mbeidh an t-ainm oifigiúil Gaeilge ar na háiteanna Gaeltachta ar thabhairt agus ar bhunachair sonraí a bhaineann leis na ceantair Ghaeltachta Ráth Cairn agus Bhaile Ghib.

Spriocdháta: Le linn saolré na scéime

Caibidil 3

Achoimre ar na Seirbhísí/ Gníomhaíochtaí a sholáthraítear de réir Rannóg

3.1 Réamhrá

Sa Chaibidil seo leagtar amach an staid i ndáil le soláthar seirbhíse/ gníomhaíochtaí ag Rannóga aonarach in Údarás Áitiúla na Mí. Liostaíonn an chéad chuid den chaibidil na rannóga éagsúla agus an réim teanga oifigiúil a fheidhmítear i ngach cás. Tugann an dara cuid achoimre ar chuspóirí/ fheidhmeanna/ gníomhaíochtaí gach rannóg.

3.2 Údarás Áitiúla na Mí – Rannóga agus Oifigí Cathartha

- Oifig Chathartha Chill Dhéagláin
- Oifig Chathartha Dhamhliag
- Oifig Chathartha Dhún Seachlainn
- Oifig Chathartha Cheannanais
- Oifig Chathartha na hUaimhe
- Oifig Chathartha Bhaile Átha Troim
- Pobal agus Fiontar (Seirbhís Leabharlainne san áireamh)
- Seirbhís Chorpáraideach
- Cosaint an Chomhshaoil
- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Tithíocht
- Infreastruchtúr
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Pleanáil agus Forbairt

3.3 Teanga Oibriúcháin i ngach Rannóg

Mar chuid de réamhrá an doiciméid seo, admhaíonn Údarás Áitiúla na Mí nach bhfuil faoi láthair ach soláthar an-teoranta de réimsí seirbhíse atá ar fáil go dátheangach nó trí mheán na Gaeilge. Chomh maith leis sin, nuair a rinneadh iniúchadh foirne go himmheánach, le linn dréachtú na scéime seo, léiríodh go bhfuil inniúlacht an-íseal ann faoi láthair maidir le cumas na Gaeilge, ach amháin taobh istigh de sheirbhís na Leabharlainne. Tá achoimre sa chéad chaibidil eile faoin mbealach a thabharfar faoin easnamh seo atá mar phríomhthosaíocht.

Liosta de na Rannóga a chuireann seirbhís dhátheangach chuimsitheach ar fáil:

- Seirbhís Leabharlainne na Mí (5/12)

Ceanncheathrú na Leabharlainne, an Uaimh
Cill Dhéagláin
Damhliag
Dún Búinne
Baile Átha Troim

Liosta de na Rannóga nach gcuireann ach seirbhís dhátheangach teoranta “cuntair” ar fáil:

I ngach rannóg thíosluaite tá méid teoranta d’fhoireann ann a bhfuil in ann beannachtaí dátheangacha agus seirbhís dhátheangach a chur ar fáil ar choinne.

- Oifig Chathartha Chill Dhéagláin
- Oifig Chathartha Dhamhliag
- Oifig Chathartha na hUaimhe
- Oifig Chathartha Bhaile Átha Troim
- Seirbhís Chorparáideach
- Pobal agus Fiontar: Mórtas Ceantair
- Cosaint an Chomhshaoil
- Airgeadas
- Acmhainní Daonna
- Tithíocht
- Infreastruchtúr
- Pleanáil agus Forbairt

Na Rannóga a chuireann seirbhís trí Bhéarla amháin ar fáil:

- Oifigí Cathartha Dhún Seachlainn
- Oifig Charthartha Cheannanais
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Mótarchánach
- **Seirbhísí Leabharlainne Bhaile Átha Buí, Dhún Seachlainn, Cheannanais, na hInse, na hOibre, an tSeanchaisleáin agus Bhaile Shláine**
Cé nach féidir seirbhís dhíreach trí Ghaeilge a chur ar fáil sna Brainsí i mBaile Átha Buí, i nDún Seachlainn, i gCeannanas, san Inse, san Obair, sa Seanchaisleán agus i mBaile Shláine eagraítear tríd nó ón gceanncheathrú gníomhaíochtaí trí Ghaeilge.

3.4 Feidhmeanna / gníomhaíochtaí rannóga a oibríonn trí Ghaeilge

Leagtar amach mar seo a leanas na moltaí a dtabharfaidh Údaráis Áitiúla na Mí faoi le díriú ar an easnamh suntasach atá ann i soláthar na seirbhísí dátheangacha nó trí mheán na Gaeilge amháin. Freisin déanann sé cur síos go achomair ar fheidhmeanna/ gníomhaíochtaí gach rannóg.

3.4.1 Oifigeach Gaeilge

Ceapfaidh Údaráis Áitiúla na Mí, faoi réir ceadú na Roinne Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Oifigeach Gaeilge le polasaí dátheangach a fhorbairt le cinntiú go bhfuil rogha ag custaiméirí a gcuid gnó a dhéanamh i gceachtar den dá theanga oifigiúil.

Spríodhata: Trí mhí i ndiaidh an dáta tosaigh

3.4.2 Seirbhís Leabharlainne na Mí

Ceanncheathrú na Leabharlainne, an Uaimh
Cill Dhéagláin,
Damhliag,
Dún Búinne,
Baile Átha Troim

(Ceaptar é a bheith inmhianta breac-chuntas a thabhairt ar na brainsí ag a bhfuil seirbhís dhátheangach curtha ar fáil le cinntiú nach bhfuil aon mhíthuiscint ann maidir leis na seirbhísí atá ar fáil ar fud na seirbhíse Leabharlainne)

Sa tseirbhís leabharlainne cuirtear ar fáil seirbhís leabharlainne nua-aoiseach agus seirbhís faisnéise trí Chlár Forbartha cúig bliana a chur i bhfeidhm. Freastalaíonn sí ar riachtanais fhaisnéise, oideachais, chultúrtha agus chaithimh aimsire an phobail trí ghréasán de Bhraintleabharlanna agus trí sheirbhís a sholáthar do bhunscoileanna sa chontae. Soláthraíonn an tseirbhís ach go háirithe:

- Seirbhísí rochtana idirlín agus ríomhphoist saor in aisce i ngach brainse
- Seirbhísí Faisnéise don Phobal
- Bailiúchán cuimsitheach faisnéise maidir le hoidhreacht agus le stair an chontae
- Tacaíocht d'fhorbairt chultúrtha do dhaoine aonair agus do ghrúpaí a bhfuil spéiseanna i gcoiteann eatarthu, idir litearthacht d'aoisigh agus tacaíocht do ghrúpaí léitheoireachta
- Ionaid, ina gcuirtear béim ar chúrsaí áitiúla, ar ardchaighdeán feabhais a bhaint amach tríd taispeántais agus spásanna do ghníomhaíochtaí a chur ar fáil, ar sheomraí do chruinnithe poiblí agus ar thacaíocht foirne.

3.5 Rannóga a chuireann seirbhís teoranta dhátheangach ar fáil (beannachtaí cuntair agus seirbhís teoranta cuntair)

Leagtar amach sa chuid seo a leanas feidhmeanna/ gníomhaíochtaí na seirbhíse dátheangaí atá ar fáil ó na rannóga a bhfuil tagairt déanta orthu ag 3.3

- Oifig Chathartha Chill Dhéagláin
- Oifig Chathartha Dhamhliag
- Oifig Chathartha na hUaimhe
- Oifig Chathartha Bhaile Átha Troim

*Is í aidhm Oifigí Cathartha Údaráis Áitiúla na Mí ná seirbhís do chustaiméirí ar ardchaighdeán bunaithe sa cheantar a sholáthar trí ghréasán d'ionaid ilfhreastail a chur ar fáil. Tá san áireamh sna seirbhísí a chuirtear ar fáil ag leibhéal áitiúil

- Iarratais agus leithdháiltí tithíochta
- Íocaíochtaí cíosa agus blianachta
- Ceadúnais um oscailt bóthair
- Na Soilse Poiblí a thógáil i gcúram
- Iarratais do Chonasc Uisce agus Séarachais
- Clinicí réamhphleanála do thithe aonuaire agus d'fhadú tí
- Rialú Pleanála (iarratais)
- Mótarchánach (tháinig deireadh leis an seirbhís i mí Feabhra, i nDamhliag agus i nDún Seachlainn), Deontais Tobair

Seirbhís Chorparáideach - Mar chuid de na feidhmeanna atá ag Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha áirítear tacú le feidhm na gComhairleoirí agus leis an bpróiseas daonlathach, ag cur eolais ar fáil faoi ghníomhaíochtaí san eagraíocht agus ag cinntiú go gcuirtear seirbhís ar ardchaighdeán ar fáil atá dírithe ar chustaiméirí.

Pobal agus Fiontar – Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna na rannóige seo:

- Tacú le gníomhaíochtaí na Comhairle agus le Bord Forbartha Chontae na Mí agus a chuid fo-struchtúr
- Comhordú sa tseirbhís áitiúil a fheabhsú agus a chur chun cinn
- Ag obair go dlúth leis an Earnáil i bhForbairt Áitiúil, leis an Earnáil Phoiblí, leis an Earnáil

Stáit agus leis na Comhpháirtithe Sóisialta

- Ag cinntiú go gcuirtear na pobail áitiúla ar an eolas ar ghníomhaíochtaí atá ar siúl ag na húdaráis áitiúla ar fud an Chontae.

Is í an aidhm atá ag **Mórtas Ceantair** ná cuidiú le bailte, sráidbhailte agus ceantair tuaithe i gContae na Mí a bheith ina gceantair ar ardchaighdeán le cuairt a thabhairt orthu agus le maireachtáil iontu, agus le bheith ina n-ionaid leis na cleachtais is fearr iontu maidir le forbairt inchothaithe sa timpeallacht nádúrtha agus tógtha.

Cosaint an Chomhshaoil – Díríonn na cuspóirí comhshaoil ar spriocanna straitéiseacha thar sé phríomh-réimse de ghníomhaíocht comhshaoil mar seo a leanas:

- Dramhaíl,
- Uisce,
- Oideachas,
- Dóiteán & Éigeandáil,
- Rialúchán,
- Seirbhís Éifeachtach a Sholáthar.

Tugann an rannóg tacaíocht agus cuireann sí le timpeallacht ghlan, shábháilte agus shláintiúil, don ghlúin reatha agus don ghlúin sa todhchaí.

Airgeadas – Déanann an Rannóg Airgeadais bainistiú agus monatóireacht ar ioncam agus ar chaiteachas na heagraíochta.

Acmhainní Daonna – Is í príomhaidhm na Rannóige Acmhainní Daonna ná cur le cuspóirí corparáideacha atá le baint amach trí fhoireann chumasach inspreagtha a fhorbairt; agus timpeallacht oibre sholúbtha shofhreagrach a chothú a chuireann le deiseanna agus a thugann an poitéinseal is fearr do gach ball foirne.

Tithíocht – Is í aidhm na Rannóige Tithíochta ná a chinntiú go mbaineann ár saoránaigh ar fad taitneamh as a bheith ag maireachtáil i dtithe atá ar chaighdeán maith a bhfreastalaíonn ar a gcuid riachtanas agus, chomh fada agus is féidir, ag a rogha áite agus tionachta agus go gcuirfear seirbhís thithíochta ar fáil atá sofhreagrach agus tacúil dóibh siúd a bhfuil cuidiú de dhíth.

Infreastruchtúr – Is í aidhm na Rannóige Infreastruchtúir ná cothabháil agus forbairt a dhéanamh ar Infreastruchtúr an Chontae agus a chinntiú go ndéanfaidh infheistíocht infreastruchtúrach éascaíocht ar fhorbairt fhisiciúil, eacnamúil, shóisialta agus chultúrtha an Chontae.

Pleanáil – Sa rannóg seo déileáiltear le forbairt fhisiciúil agus inbhuanaithe an chontae agus le cur chun cinn gníomhaíochta eacnamúla agus turasóireachta. Is í an príomhaidhm ná córas pleanála fisiciúla a fheidhmiú laistigh de lonnaithe ina bhfuil pátrúin inbhuanaithe a n-éascaíonn agus a soláthraíonn an tuinseamh d'fhorbairt eacnamúil i gContae na Mí, agus chomh maith leis sin ag cosaint an t-am ar fad timpeallacht nádúrtha agus tógtha an Chontae.

Ó thaobh na rannóg seo ar fad tá na hÚdaráis Áitiúla tiomanta lena chinntiú go gcuirfear breis oiliúna ar bhall foirne amháin ar a laghad ionas go mbeidh gach Rannóg in ann seirbhís níos cuimsithí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil nuair a bhíonn sé ag teastáil ó bhail an phobail.

Spriocdháta: le linn saolré na scéime seo.

3.6 Rannóga a oibríonn trí Bhéarla amháin

Leagtar amach mar seo a leanas feidhmeanna/ gníomhaíochtaí na Rannóg a bhfuil tagairt déanta orthu thuas nach bhfuil sa suíomh faoi láthair seirbhís ar bhonn duine le duine a chur ar fáil do chustaiméirí trí Ghaeilge.

Maidir leis na rannóga seo, tosóidh réamhullmhúcháin ar an obair ionas gur féidir seirbhís trí Ghaeilge a fhorbairt laistigh de shaolré na scéime seo. Tabharfar faoi réamhullmhúcháin na hoibre seo leis an aidhm go gcuirfear seirbhís do chustaiméirí ar bhonn duine le duine atá ar ardchaighdeán ar fáil ó na hoifigí seo sa dara scéim agus sna cinn ina dhiaidh sin. Mar sin féin déanfar iarracht ar leith díriú ar an easnamh atá sa tseirbhís cuntair atá ar fáil san oifig i Limistéar Cheannanais laistigh de shaolré na scéime seo. Beifear in ann measúnú a dhéanamh ar leibhéal na Gaeilge atá ag gach ball foirne tríd na hiniúchtaí foirne agus cuirfear oiliúint ar fáil le feabhas a chur ar an gcumas Gaeilge atá ag an bhfoireann.

Mótarchánach

Is i gCill Dhéagláin, i nDamhliag, i nDún Seachlainn agus san Uaimh atá **Oifig Mhótarchánach** Comhairle Chontae na Mí, ina ndéantar na hiarratais don mhótarchánach agus do na ceadúnais tiomána a phróiseáil do Chontae na Mí.

Teicneolaíocht Faisnéise

Cuireann Rannóg na Teicneolaíochta Faisnéise seirbhísí do chustaiméirí ar ardchaighdeán ar fáil, a dtugann caoi do rannpháirtíocht do chách, do nuáilíocht agus d'ardchaighdeán feabhais i ríomhsheirbhísí an Rialtais agus i dteicneolaíocht.

***Oifigí Cathartha Dhún Seachlainn**

***Oifig Chathartha Cheannanais**

Mar atá léirithe in Oifigí Cathartha ag 3.5

Caibidil 4

Feabhas ar Sheirbhísí a Sholáthrófar go Dátheangach

4.1 *Polasaí Ginearálta*

Is í príomhaidhm Údaráis Áitiúla na Mí maidir leis an scéim seo ná atmaisféar dátheangach a chruthú agus a chothú laistigh de na rannóga ar fad. Spreagfar custaiméirí le Gaeilge a gcuid gnó a dhéanamh trí Ghaeilge agus tá sé i gceist go mbeidh custaiméirí agus an fhoireann freisin compórdach agus iad ag déanamh gnó oifigiúil trí Ghaeilge.

Tá Údaráis Áitiúla na Mí tiomanta chun cinntiú go bhfuil dóthain foirne atá cumasach le seirbhísí trí Ghaeilge a chur ar fáil i ngach rannóg a dhéileáil go rialta leis an bpobal. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí atá molta ionas gur féidir a chinntiú go mbeidh feabhas curtha ar leibhéal agus ar chaighdeán ár gcuid seirbhísí le linn saolré na scéime seo agus na scéimeanna sa toadhcháil.

Tá sé molta an tseirbhís trí Ghaeilge atá ar fáil a chur chun cinn mar seo a leanas:

4.2 *Teicneolaíocht Faisnéise*

Maidir le caidreamh leictreonach, déanfaidh Údaráis Áitiúla na Mí cinnte de go mbeidh na polasaithe seo a leanas curtha i bhfeidhm:

- Beidh aon séanadh nó teachtaireacht caighdeánach ar chomhfhreagras ríomhphoist dátheangach faoi dheireadh 2006.
- Seoladh ríomhphoist cineálaigh a bhunú d'fhiosruithe i nGaeilge. Cinnteoidh na hÚdaráis Áitiúla go dtabharfar aird ar fhiosruithe den sórt sin chomh pras céanna leis na fiosruithe i mBéarla.
Spriocdháta: Faoi dheireadh 2006
- Liosta ar líne a chur ar fáil de theagmhálaithe foirne atá ar fáil le seirbhísí a sholáthar chomh maith le liosta nuashonraithe a sholáthar de sheirbhísí atá ar fáil go dátheangach. Meastar go n-aisiompóidh an polasaí seo an t-éileamh íseal do sheirbhísí trí Ghaeilge atá soiléir faoi láthair toisc go bhfuil beag súil ann a bheith in ann a leithéid de sheirbhís a fháil.
Spriocdháta: Le linn saolré na scéime seo.

4.3 *Earcú agus Socrúchán*

Déanfaidh an Rannóg Acmhainní Daonna bainistiú ar chúrsaí earcaíochta i gcomhthéacs Acht na dTeangacha Oifigiúla. Má tharlaíonn sé go mbunaítear bonn inniúlachta teoranta ó thaobh na Gaeilge de leagfaidh Údaráis Áitiúla na Mí méid áirithe tosaíochtaí amach:

- Mar gheall ar go bhfuil sé de dhualgas ar Acmhainní Daonna a chinntiú go bhfuil dóthain foirne acu atá cumasach sa Ghaeilge déanfaidh siad athbhreithniú ar na polasaithe reatha d'earcú agus do shoghluaiseacht foirne. Déanfar na hathbhreithnithe seo tríd an bpróiseas compháirtíochta, le hionchur ar leith iarrtha ó Ghrúpa Oibre na Seirbhíse ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí.
Spriocdháta: Ón Dáta Tosaigh
- Tógfar san áireamh na riachtanais agus na dualgais maidir le seirbhís ar ardchaighdeán trí Ghaeilge a chur ar fáil i ngach rannóg nuair atá baill foirne á socrú nó á lonnú taobh istigh den eagraíocht.
Spiocdháta: Ón Dáta Tosaigh

Níl aon oifig lonnaithe go díreach sa Ghaeltacht ag Údarás Áitiúla na Mí. Mar sin féin, toisc go bhfuil na hOifigí Cathartha sa Cheannanas ag freastal ar phobail Ghaeltachta Ráth Cairn agus Bhaile Ghib beidh sé mar thosaíocht againn céimeanna a ghlacadh le cinntiú go bhfuil seirbhísí cuntair ar fáil go dátheangach sna hoifigí seo.

Spriodhata: Le linn saolré na scéime seo.

4.4 Oiliúint & Forbairt

Aithníonn na hÚdarás Áitiúla an tábhacht a bhaineann le lucht oibre ard-oilte a bheith acu le cinntiú go gcuirtear seirbhís éifeachtach agus éifeachtúil ar fáil. Leis seo tá gá le hinfheistiú suntasach in oiliúint agus i bhforbairt ár gcuid acmhainní daonna.

- Aimseoidh an tOifigeach Oiliúna ranganna Gaeilge atá ag díriú ar riachtanais sheirbhísí do chustaiméirí do na baill foirne atá ag obair sna príomhionaid theagmhála agus dóibh siúd a bhfuil de dhualgas orthu seirbhís cuntair ar bhonn duine le duine a chur ar fáil.
- Spreagfar agus tabharfar deiseanna do gach ball foirne feabhas a chur ar a chuid scileanna Gaeilge trí chúrsaí oiliúna agus forbartha, agus déanfar éascaíocht dóibh le bheith in ann freastal ar ranganna Gaeilge le linn uaireanta oifige.
- Cuirfidh an tOifigeach Oiliúna comhairle agus tabharfaidh sé tacaíocht don fhoireann maidir le rogha na ranganna Gaeilge atá ar fáil taobh amuigh d'uaireanta oifige, agus beidh san áireamh cáilíochtaí tríú leibhéal.
- Déanfar athbhreithniú ar an gclár ionductaithe le tograí feasachta teanga a thógáil san áireamh.
- Lorgófar daoine a bheidh sásta seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil sna rannóga cuí ar fud na nÚdarás Áitiúil. (Beidh an fhoireann seo ag na príomhionaid theagmhála chuntair, ar liostaí fóin agus ar liosta ríomhphoist.)

Spriodhata: Ón Dáta Tosaigh

4.5 An Ghaeltacht

Tá Údarás Áitiúla na Mí tiomanta na ceantair Ghaeltachta a chosaint agus a fhorbairt agus tá siad tiomanta le leanúint leis an gcuidreamh atá ann le fada le pobail Ráth Cairn agus Bhaile Ghib. Tá achoimre déanta cheana féin ar bhearta áirithe atá molta agus déanfaimid cinnte de go bhfuil ár gcuid seirbhísí ar fáil as Gaeilge do mhuintir na Gaeltachta.

- Beidh Cruinnithe Poiblí eagraithe ag na hÚdarás Áitiúla sa Ghaeltacht i nGaeilge amháin, nó go hiomlán dátheangach.

Spriodhata: Le linn saolré na scéime seo.

- Beidh eolas atá dírithe ar an bpobal sa Ghaeltacht ar fáil i nGaeilge amháin, nó ar fáil as Gaeilge agus as Béarla nuair is cuí.

Spriodhata: Le linn saolré na scéime seo.

4.6 Gaelscoileanna & Eagraíochtaí Eile Gaeilge

Aithníonn Údarás Áitiúla na Mí go bhfuil méid suntasach gaelscoileanna ar fud Chontae na Mí.

Aithnímid na tosaíochtaí teangeolaíochta atá ag na scoileanna lánGhaeilge, chomh maith le heagraíochtaí agus grúpaí eile Gaeilge atá ag feidhmiú ar fud an chontae agus go náisiúnta. Tabharfar tosaíocht do sholáthar seirbhísí as Gaeilge do na forais agus na grúpaí áirithe seo.

- Beidh aon chomhfhreagras a thosaítear le scoileanna lánGhaeilge, le Gaelscoileanna agus le grúpaí nó le heagraíochtaí Gaeilge i nGaeilge amháin nó go dátheangach agus tabharfar tosaíocht do sholáthar seirbhísí Gaeilge do na hinstitiúidí agus na heagraíochtaí seo thar saolré na chéad scéime.

Spriodháta: Thar saolré na scéime seo.

Caibidil 5

Faireachán, Athbhreithniú agus Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe

5.1 *Faireachán & Athbhreithniú*

Beidh an ardbhainistíocht in Údaráis Áitiúla na Mí freagrach as a chinntiú go gcuirtear an scéim i bhfeidhm, chomh maith le bheith freagrach as faireachán agus athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim.

Is é an bainisteoir líne i ngach réimse feidhmiúil/ seirbhíse a bheidh freagrach go príomha as feidhmiú na scéime ó lá go lá laistigh dá réimse féin. Déanfar é seo le treoir ón Oifigeach Gaeilge ceaptha agus cuirfear tuairiscí rialta ar fáil do Stiúrthóir na Seirbhísí cuí.

Foilseofar tuairisc gach bliain le linn trí bliana na scéime i dTuairisc Bhliantúil Údaráis Áitiúla na Mí ar fheidhmiú agus ar fhorálacha na scéime, mar aon le sonraí ar an éileamh atá ann do sheirbhísí atá ar fáil.

5.2 *Poiblíocht ar an Scéim Chomhaontaithe*

Déanfar poiblíocht ar a bhfuil sa scéim seo, mar aon le tiomantais agus forálacha na scéime, don phobal i gcoitinne ar na slite seo a leanas:-

- ◆ Preaseisiúint
- ◆ Seoladh oifigiúil na scéime
- ◆ Fógraíocht ar na forálacha
- ◆ Scaipeadh chuig na gníomhaireachtaí agus na comhlachtaí poiblí cuí
- ◆ Láithreán Gréasáin

Cuirfear ar aghaidh cóip den scéim seo chuig Oifig Choimisinéir na dTeangacha Oifigiúla.